



An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8186/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0015(CNS)**

**FISC 66
ECOFIN 386**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	5701/21 COM(2021) 28 final
Ábhar:	Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach - Glacadh

1. An 26 Eanáir 2021, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach¹.
2. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2021².
Glacadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021³.

¹ 5701/21.

² <https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/administrative-cooperation-field-excise-duties-electronic-registers>

³ https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2021-0121_GA.html

3. Ní dhearnadh aon agóid i gcoinne shubstaint an Rialacháin seo ón gComhairle sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna Máil).
4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:
- a dhearbhu go n-aontaíonn sé le téacs an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7312/21 é, d’fhonn go nglacfaidh an Chomhairle an gníomh dlí mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
 - cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise na práinne atá i gceist, i gcás nach mbeidh aon chruinniú foirmiúil den Chomhairle ar siúl roimh an 12 Bealtaine 2021, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus d’Airteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, faoi mar ar cuireadh síneadh leis le Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle, le Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle, le Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle, le Cinneadh (AE) 2020/1253 ón gComhairle, le Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle, le Cinneadh (AE) 2021/26 ón gComhairle agus le Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle, go n-úsáidfídh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn le téacs an Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach mar a leagtar amach in 7312/21 é, a ghlacadh;
 - a mholadh go dtiocfadh an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an Rialachán thuasluaite ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.